



BRÁITHREACHAS PHOBLAChT na hÉIREANN

POLASAÍ GAEILGE

Prionsabal 1: Is í an Ghaeilge an teanga Náisiúnta agus Oifigiúil na hÉireann.

An Ghaeltacht

Prionsabal 2: Soláthróidh Dáil Éireann Comhairle Speisialta chun an Ghaeltacht a athbhunú agus a chosaint.

Prionsabal 3: Beidh ionadaíocht ag an Ghaeltacht ar an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch.

Prionsabal 4: Cruthófar Aireacht don Ghaeltacht agus don Ghaeilge amháin a bheidh freagrach as athbheochan, cur chun cinn agus fás na Gaeilge go náisiúnta agus sa Ghaeltacht, de réir Phrionsabal 2.

Prionsabal 5: Socrófar teorainneacha Gaeltachta de réir critéar geografach seachas critéar teanga trí theorainneacha na Gaeltachta a athchóiriú de réir paraiméadair stairiúla ar leith.

Prionsabal 6: Tabharfar stádas speisialta cosanta don Ghaeltacht.

Prionsabal 7: Clár Athlonnaithe Gaeltachta a bhunú chun dreasachtaí réamhghníomhacha a sholáthar, de réir Phrionsabal 2.

Prionsabal 8: Údarás Forbartha Gaeltachta nua a bhunú chun infheistíocht a tharraingt go ceantair Gaeltachta amháin, de réir Phrionsabal 2.

Prionsabal 9: Beidh ar dhaoine, nach dúchasach do Ghaeltacht ar leith iad, agus a fhéachann le hathlonnú go dtí an Ghaeltacht, coinníollacha áirithe teanga a chomhlíonadh chun líofacht a mheasúnú, sula dtabharfar cead áit chónaithe a cheannach nó a thógáil, ar nós caighdeán sainiúil socraithe an Fhráma Tagartha Eorpach do Theangacha. Bhainfeadh an caighdeán le duine fásta amháin an teaghlaigh.

Prionsabal 10: Dreasachtaí le tabhairt do chainteoirí Gaeilge ar mian leo filleadh ar, nó i gcás daoine a chomhlíonann coinníollacha teanga a athlonnú go dtí ceantair Ghaeltachta. Soláthrófar dreasachtaí ceannaigh tithe trí fhóirdheontais Dháil Éireann i gcomhar leis an Aire Tithíochta, mar aon le soláthar liúntais Ghaeilge dóibh siúd atá ag obair san earnáil phoiblí agus/nó san earnáil seirbhíse, lena chinntiú go mbeidh rochtain ag pobail ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Féadfar na liúntais stáit seo a leathnú chuig seirbhísí príobháideacha áirithe a fheidhmíonn i gceantair Ghaeltachta.

Prionsabal 11: Údaráis Áitiúla Ghaeltachta a chruthú, neamhspleách ar Chomhairlí Contae, le rialú eisiach agus forbairt ar dhlíthe pleanála nach bhfuil chomh casta maidir le tógáil tithe cónaithe laistigh de na ceantair Ghaeltachta. Féadfaidh Údaráis Áitiúla na Gaeltachta áitribh a cheannach le díol i gceantair Ghaeltachta ar féidir a úsáid ina dhiaidh sin mar thithíocht inacmhainne nó sóisialta do chainteoirí Gaeilge; a) ina gcónaí sa réigiún faoi láthair; b) gur mian leo filleadh ar an réigiún; c) nach cainteoirí dúchais iad ach go gcomhlíonann siad coinníollacha teanga ainmnithe.

Prionsabal 12: Infheistíocht in acmhainní nádúrtha agus foinsí in-athnuaite fuinnimh i réigiúin Ghaeltachta chun fostaíocht inbhuanaithe a chinntiú do mhuintir na Gaeltachta, i gcomhar leis an Aire Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Comhshaoil.

Prionsabal 13: Moratóir ar dhaoine gan Ghaeilge ag ceannach tithe sna ceantair Ghaeltachta go dtí go mbeidh an Teanga agus a húsáid laethúil curtha ar ais go leibhéal réamh-chinnte.

Réigiúin Neamh-Ghaeltacht

Prionsabal 14: Bunú Gaeltachtaí nua timpeall na tíre i gcomhar leis an Aire Tithíochta. Cuirfear talamh faoi úinéireacht an Stáit Cheannasaigh ar fáil, trí scéimeanna tithíochta inacmhainne agus sóisialta, chun pobail nua Ghaeilge a thógáil dóibh siúd ar mian leo a dteaghlach a thógáil trí mheán na Gaeilge. Beidh Gaelscoileanna mar fhócas lárnach ag na pobail seo. Beidh coinníollacha teanga i bhfeidhm ach ar chaighdeán níos ísle ná na coinníollacha sin a chuirtear i bhfeidhm i gceantair Ghaeltachta thraidisiúnta. Ní mór dreasachtaí a chur ar fáil freisin do ghnólachtaí agus do sholáthróirí seirbhíse ionas go mbeidh deis ag baill na bpobal seo a ngnó laethúil a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leo.

Prionsabal 15: Mar Theanga Oifigiúil na hÉireann, tá feiceálacht amhairc le tabhairt don Ghaeilge i bpobail agus ar chomharthaí bóthair náisiúnta. Tá gach forbairt nua tithíochta go náisiúnta, ó dháta sonraithe, le hainmniú sa Ghaeilge.

Prionsabal 16: Oifigigh Ghaeilge a fhostú chun úsáid na Teanga a chur chun cinn i bpobail agus i ngnóthaí áitiúla.

Oideachas

Prionsabal 17: Rochtain mhéadaithe ar Ghaelscoileanna thar gach leibhéal trí infheistíocht shuntasach.

Prionsabal 18: Bunú Scoileanna Dátheangacha a chuimseoidh oideachas leanaí ar bhonn 50:50 idir an Ghaeilge agus an Béarla. Beidh Scoileanna Dátheangacha scartha ó Ghaelscoileanna, agus iad difriúil freisin ó scoileanna a mhúineann an Ghaeilge mar dhara teanga (T2). Chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí ina dhiaidh sin d'oiliúint múinteoirí, cuirfear ardchúrsa Gaeilge ar fáil do gach múinteoir, beag beann ar leibhéal na scoile, agus soláthrófar liúntas le híoc do mhúinteoirí leis an ardcháilíocht seo. Tógáil tosaíochta scoileanna nua le tabhairt do Ghaelscoileanna agus do Bhunscoileanna Dátheangacha.

Prionsabal 19: Tagann maoiniú stáit do sholáthar Gaeilge na Luath-Óige faoi shainchúram an Aire Oideachais.

Prionsabal 20: Spreagfar teaghlaigh oideachas a chur ar a leanaí trí Ghaeilge i suíomhanna Luath-Óige, Gaelscoileanna agus Scoileanna Dátheangacha, trí dheontais/liúntais cánach.

Prionsabal 21: Bunú Ciste Sármhaitheasa na Scoileanna don Ghaeilge.

Prionsabal 22: Is é an Béarla an t-aon teanga eile a mhúinfear taobh leis an nGaeilge ag leibhéal na Bunscoile.

Sínithe: : *Seana-Seamas de Róiste* Rúnaí na Gaeilge

I láthair: *Seán Ó Fionnagáin*
: *Jobhard: Ó hAodha*
Cearbhán Ó Tuillín
Eibhlín Ní Sheasnáin

Le Séala Feidhmiúcháin Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann greamaithe de seo:

